

Pátrún Cholm Cille

Déantar ceiliúradh go fóill i gceantar na Tulaí ar Lá Cholm Cille, nó *Lá an Phatrúin* mar a tugadh riamh air, ar an 9ú lá de Mheitheamh. Sna blianta siar bhíodh gasúir na háite, idir sean agus óg ag tnúthán leis an lá mór seo mar gheall ar an aonach spraoi a thagadh chuig an áit le haghaidh na hócáide, agus bhíodh an-fháilte go speisialta roimh na mbád luasctha, nó na *swinging-boats*, dá dtagaidís, gan trácht ar na milseáin agus na rudaí deasa eile nach mbíodh aon fháil go fairsing orthu sna blianta sin. Bhíodh comórtais eile ar siúl chomh maith agus is díol suntais ann fhéin an fearas a feistíodh thíos le cladach ag Reilig Mhaírois, agus atá ina sheasamh ansin go fóill go deimhin, le deis traenála a thabhairt d'fhoirne tarraingt téide.

Cé nach bhfuil an tsiamsaíocht chéanna ag baint le Lá an Phatrúin anois, fós fhéin tugtar cuairt ar thobreacha agus ar bhád Cholm Cille agus léitear aifreann an tráthnóna sin ag an altóir dheas cloiche atá réitithe le haghaidh na hócáide in aice na reilige, ach an aimsir a bheith in araíocht.

Más fút dul chomh fada leis na toibreacha fhéin, áfach, ní mór don taoille a bheith amuigh go maith, fiú leis an tobar is gaire a bhaint amach, agus theastódh rabharta leis an gceann is faide amach a aimsiú de réir dealraimh. Maidir leis an gcéad tobar, is fiú súil ar leith a chaitheamh ar an gcloch mhór chruinn ar dhéanamh liathróide atá i suite i logán in íochtar an tobair amhail is gur cartáíodh an áit di le luí ann. Tá daoine a déarfadh go bhfuil cuma súile uirthi thíos sa tobar.

Ná déan dearmad breathnú freisin ar fhothrach Bhád Cholm Cille atá siar de bheagán ón reilig, ar

an trá ghainimh, agus maítear leigheas a bheith le fáil as lorg láimhe an Naoimh atá ar dhromchla cheann de na clocha ansin.

Mura bhfuil eolas an bhealaigh go barainneach agat, níl ort ach crosbhóthar na Tulaí a bhaint amach agus leanacht ort siar an bóthar ó dheas go dtiocfaidh tú thar an droichead beag atá cúpla céad méadar siar ón gcrosaire. Díreach ina dhiaidh sin tá bóithrín na Cloiche Móire a thabharfadh go dtí na toibreacha thú ach dul síos píosa agus gearradh siar an bóithrín go dtí Reilig Mhaírois. Mar sin, b'fhéidir gur bhfearr leanacht ort go dtí an chéad bhóithrín eile, áit a bhfuil an comhartha oifigiúil "BÁD AGUS TOIBREACHA CHOLMCILLE" socraithe. Tabharfaidh an bóithrín sin síos díreach go dtí an reilig thú, agus mura mbeadh i gceist ach áilleacht agus suaimhneas na háite, is fiú go mór cuairt a thabhairt le cladach ansin má bhíonn tú ag dul an bealach.



Bád Cholm Cille



An Altóir ag Reilig Mhaírois



Ceann de thuibreacha Cholm Cille



Deis traenála don tarraingt téide